

Foinse sa Rang

Coláiste Samhraidh

Coláiste Samhraidh Gaeilge i gCeatharlach

TÁ COLÁISTE Samhraidh ar siúl i mbaile Cheatharlach don dara bliain as a chéile agus tá ag éirí go hiontach leis an togra.

Cuireadh tús leis an gcúrsa coicise ar 1 Iúil agus tá sé lán go doras agus 80 déagóir ag freastal ar an gcoláiste samhraidh atá lonnaithe i nGaelcholáiste Cheatharlach. Eagraithe ag Glór Cheatharlach, bhí an-éileamh go deo ó thuismitheoirí ar áiteanna i mbliana mar rogha eile seachas a gcuid bpáistí a sheoladh as baile go dtí cúrsaí sa Ghaeltacht.

Tá na daltaí, atá idir aois 12 agus 18, ag caitheamh coicise ag foghlaim Gaeilge agus ag glacadh páirte i ngach saghas gníomhaíocht spóirt agus spraoi trí mheán na Gaeilge.

Is togra iontach é an Coláiste Samhraidh agus tá na daltaí an-sásta leo féin agus iad ag cur feabhais ar a gcuid scileanna teanga chomh maith le taitneamh a bheith á bhaint acu as na himeachtaí cultúrtha uile.

Chomh maith le baile agus contae Cheatharlach, tá na rannpháirtithe ag taisteal chuig an gcoláiste samhraidh ó Chill Chainnigh, Cill Dara, Loch Garman agus Laois. Cuirtear ranganna Gaeilge le meascán maith de chomhrá agus gramadach, plé agus díospóireacht atá in oiriúint do na daltaí ar fáil dóibh gach lá.

Agus is aoibhinn leo an rogha maith d'imeachtaí cultúrtha, de spórt agus de chluichí atá ar an gclár chomh maith. Téann an Céilí i bhfeidhm go mór ar na déagóirí uile agus iad ag baint suilt as lonsaí na hInse, Ballaí Luimnigh agus Baint an Fhéir. Gach eolas agus foirm iarratais ar fáil ó Ghlór Cheatharlach ag 059 9158105, nó téigh chuig www.glorcheatharlach.ie.



Spraoi agus gáire

Ochtó déagóir ag freastal ar an gColáiste Samhraidh i gCeatharlach

ag cur lena gcuid líofachta sa teanga agus ag casadh le cairde nua trí Ghaeilge



Na cailíní

Am lóin do Carla Ní Aonghusa, Michelle Ní Eochaidh, Niamh Ní Thuathail, Ciara Ní Aonghusa, Jodie de Priondargás agus Sara Ní Shiail.



Múinteoirí an Choláiste Samhraidh

Gráinne Ní Ailín, Máire Ní Fhaoláin, Aisling Ní Cheallaigh agus Jill Ní Leathlobhair



Ag lígean scíthe

Na sinsir timpeall an bhoird